Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Iúil 2019
(OR. en)

11479/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0330/B(COD)**

**FRONT 236**
**FAUXDOC 54**
**CODEC 1322**
**COMIX 370**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras do dhoiciméid bhréagacha agus doiciméid bharántúla ar líne (‘FADO’) agus lena n-aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/700/CGB<br>- Sainordú don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa |

Ag an gcruinniú a bhí aige ar an 20 Feabhra 2019, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú faoin sainordú don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gcóras do dhoiciméid bhréagacha agus doiciméid bharántúla ar líne ('FADO') agus lena n-aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/700/CGB**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 87(2)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaíodh an Córas Eorpach um Chartlannú Íomhánna ar Dhoiciméid Bhréagacha agus Doiciméid Bharántúla ar Líne (FADO) le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/700/CGB laistigh d'Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Cuireadh FADO ar bun chun malartú faisnéise maidir le fíordhoiciméid agus modhanna brionnaithe aitheanta a éascú idir údaráis Bhallstáit an Aontais. Déantar foráil leis do stóráil leictreonach, malartú gasta agus bailíochtú faisnéise maidir le fiordhoiciméid agus doiciméid bhréagacha. Ós rud é go bhfuil brath doiciméad bréagach tábhachtach freisin do shaoránaigh, eagraíochtaí agus gnólachtaí, chuir Ardrúnaíocht na Comhairle doiciméid bharántúla ar fáil freisin ar Chlár Poiblí de Dhoiciméid Bharántúla Aitheantais agus Taistil ar Líne (PRADO).

(2) Sna conclúidí uaithi an 27 Márta 2017, chuir an Chomhairle in iúl, agus an príomhról atá ag FADO i ndáil le calaois doiciméad agus calaois aitheantais ghaolmhar a bhrath á athdhearbhú aici, go raibh bainistiú chóras FADO as dáta agus gur ghá an bunús dlí a athrú chun go leanfaidh an córas de bheith ag riar ar riachtanais bheartais Cheartais agus Ghnóthaí Baile. Ba cheart, dá bhrí sin, an ghníomhaíocht chomhpháirteach a aisghairm agus ionstraim nua nuashonraithe a chur ina hionad.

(3) Is é atá sa Rialachán seo an bunús reachtach nua is gá chun FADO a rialú.

(4) Cé gur minic go mbraitear doiciméid bhréagacha agus calaois aitheantais ag na teorainneacha seachtracha, is réimse é an comhrac i gcoinne na ndoiciméad bréagach a chumhdaítear le comhar póilíneachta. Tá méadú suntasach tagtha ar úsáid chalaoiseach doiciméad i limistéar Schengen le blianta beaga anuas. Is é atá i gceist le calaois doiciméad agus calaois aitheantais táirgeadh agus úsáid doiciméad góchumtha, falsú fíordhoiciméad mar aon le húsáid fíordhoiciméad a fhaightear trí mheáin amhail meabhlaireacht nó mífhaisnéis. Is ionann doiciméid bhréagacha agus uirlis choiriúil ilchuspórach mar is féidir na doiciméid sin a úsáid arís is arís eile chun tacú le gníomhaíochtaí coiriúla difriúla, lena n-áirítear sciúradh airgid agus sceimhlitheoireacht. Tá na teicnící chun doiciméid bhréagacha a tháirgeadh ag éirí níos sofaisticiúla i rith an ama agus éilíonn siad faisnéis ar ardchaighdeán faoi phointí braite a d'fhéadfadh a bheith ann, go háirithe gnéithe slándála agus saintréithe calaoise, mar aon le nuashonrú rialta.

(5) Le calaois doiciméad is féidir an bonn a bhaint ó shlándáil inmheánach limistéar Schengen, ar deireadh thiar, mar limistéar gan rialuithe teorann inmheánacha. Is ionann úsáid FADO mar chóras stórála leictreonaí, lena dtugtar tuairisc ar phointí braite a d'fhéadfadh a bheith i ndoiciméid bharántúla agus i ndoiciméid bhréagacha araon, agus uirlis thábhachtach chun calaois doiciméad a chomhrac, go háirithe ag teorainneacha seachtracha Schengen. Ós rud é go gcuidíonn FADO chun ardleibhéal slándála a choinneáil laistigh de limistéar Schengen trí thacú le póilíní, gardaí teorann, údaráis chustaim agus forfheidhmithe eile dlí na mBallstát chun calaois doiciméad a chomhrac, is uirlis thábhachtach é FADO chun forálacha *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm mar a rinneadh é a lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh.

(6) Ba cheart faisnéis a bheith in FADO faoi gach cineál doiciméad taistil, aitheantais agus cónaithe, faoi dhoiciméid stádais shibhialta, ceadúnais tiomána, ceadúnais feithiclí agus gach cineál doiciméad oifigiúil gaolmhar eile arna n-eisiúint ag na Ballstáit, tríú tíortha, eintitis chríochacha, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eintitis eile atá faoi réir an dlí idirnáisiúnta, idir fhíordhoiciméid agus dhoiciméid bhréagacha.

(7) Cé gur féidir leis na Ballstáit a gcuid córas náisiúnta, ina bhfuil faisnéis faoi fhíordhoiciméid agus doiciméid bhréagacha, a choinneáil nó a fhorbairt, ba cheart go mbeadh sé d'oibleagáid orthu an fhaisnéis atá acu faoi fhíordhoiciméid agus doiciméid bhréagacha a chur isteach sa chóras FADO. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit gnéithe slándála de leaganacha nua d'fhíordhoiciméid arna n-eisiúint ag na Ballstáit a chur isteach in FADO.

(8) Chun ardleibhéal rialú na calaoise doiciméad ag na Ballstáit a áirithiú, ba cheart do FADO rochtain a thabhairt do na húdaráis sna Ballstáit atá inniúil as calaois doiciméad amhail póilíní teorann, údaráis forfheidhmithe dlí nó tríú páirtithe eile mar a bhunaítear trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Chomh maith céanna, ba cheart don chóras a chur ar chumas úsáideoirí leas a bhaint as faisnéis faoi mhodhanna nua brionnaithe a bhraitear agus faoi fhíordhoiciméid nua atá sa chúrsaíocht.

(9) Ba cheart an t-ollstruchtúr il-leibhéil a choinneáil sa chóras FADO chun leibhéil dhifriúla rochtana ar dhoiciméid a sholáthar do pháirtithe leasmhara difriúla agus don phobal i gcoitinne freisin.

(10) Le roinnt blianta anuas, tá saineolas forbartha ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i réimse na calaoise doiciméad. Tá an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (an 'Ghníomhaireacht'), a bunaíodh le Rialachán XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, le dul i mbun riarachán mar aon le hoibriú agus bainistiú teicniúil an chórais FADO in áit Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, mar a fhoráiltear dó sa Rialachán thuasluaite.

(11) Ba cheart a áirithiú, le linn na hidirthréimhse, go mbeidh an córas FADO ag feidhmiú go hiomlán go dtí go gcuirfear an t-aistriú i gcrích go héifeachtach agus go n-aistreofar na sonraí atá ann chuig an gcóras nua. Ba cheart úinéireacht na sonraí atá ann cheana a aistriú chuig an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ansin.

(12) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le sonraíochtaí teicniúla nósanna imeachta an chórais FADO le haghaidh malartú faisnéise laistigh den chóras FADO a bhunú, mar aon leis na bearta lena soláthraítear rochtain shrianta do thríú páirtithe. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(13) Níor cheart go ndéanfaí difear leis an Rialachán seo d'inniúlacht na mBallstát a bhaineann le pasanna, doiciméid taistil, víosaí nó doiciméid aitheantais eile a aithint.

(14) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le Seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh i dtaca leis an Rialachán seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

(15) Tá an Ríocht Aontaithe rannpháirteach sa Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 5 den Phrótacal maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Chinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen.]

(16) Tá Éire rannpháirteach sa Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 5 den Phrótacal maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus i gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Chinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen.

(17) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe H d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin.

(18) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna shíniú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe H d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4(1) de Chinntí 2004/849/CE agus 2004/860/CE ón gComhairle.

(19) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe H d'Airteagal 1, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/349/AE agus Airteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Cuspóir FADO**

Is é is cuspóir don chóras do dhoiciméid bhréagacha agus doiciméid bharántúla ar líne ('FADO') cuidiú chun calaois doiciméad agus calaois aitheantais a chomhrac trí fhaisnéis a roinnt idir na húdaráis inniúla náisiúnta faoi ghnéithe slándála agus saintréithe calaoise a d'fhéadfadh a bheith i bhfíordhoiciméid agus i ndoiciméid bhréagacha agus trí fhaisnéis faoi dhoiciméid bharántúla a roinnt leis an bpobal i gcoitinne.

*Airteagal 2*

**Ábhar**

Leis an Rialachán seo bunaítear an córas FADO ina bhfuil faisnéis faoi fhíordhoiciméid taistil, aitheantais, chónaithe agus stádais shibhialta, faoi fhíorcheadúnais tiomána, fíorcheadúnais feithiclí agus fíordhoiciméid oifigiúla ghaolmhara eile arna n-eisiúint ag na Ballstáit, tríú tíortha, eintitis chríochacha, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eintitis eile atá faoi réir an dlí idirnáisiúnta, agus faisnéis faoi fhalsuithe -ar na doiciméid sin.

*Airteagal 3*

**Catagóirí na ndoiciméad**

1. Beidh na nithe seo a leanas san áireamh in FADO:

   (a) faisnéis, lena n-áirítear íomhánna, faoi fhíordhoiciméid agus faoina ngnéithe slándála;

   (b) faisnéis, lena n-áirítear íomhánna, faoi dhoiciméid bhréige, atá brionnaithe, góchumtha nó bréagach agus faoina saintréithe calaoise;

   (c) faisnéis achomair faoi theicnící góchumtha;

   (d) faisnéis achomair faoi ghnéithe slándála na bhfíordhoiciméad;

   (e) staidreamh ar dhoiciméid bhréagacha a bhraitear.

   Féadfaidh lámhleabhair, liostaí teagmhálacha agus faisnéis faoi dhoiciméid bhailí taistil agus a n-aitheantas ag na Ballstáit, mar aon le faisnéis úsáideach ghaolmhar eile a bheith in FADO freisin.

2. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí maidir le fíordhoiciméid agus doiciméid bhréagacha a bhfuil úinéireacht acu orthu a tharchur sa chóras.

3. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis faoi ghnéithe slándála d'aon fhíordhoiciméad nua a eisítear a tharchur sa chóras gan mhoill.

*Airteagal 4*

**Ollstruchtúr FADO**

Le hollstruchtúr FADO éascófar rochtain shrianta ar an gcóras d'údaráis inniúla na mBallstát amhail póilíní teorann, údaráis forfheidhmithe dlí nó tríú páirtithe eile i gcomhréir le hAirteagal 6, mar aon le rochtain phoiblí.

*Airteagal 5*

**Próiseáil sonraí pearsanta ag an nGníomhaireacht**

Cuirfidh an Ghníomhaireacht Rialachán (AE) 2018/1725 i bhfeidhm agus sonraí pearsanta á bpróiseáil aici.

*Airteagal 6*

**Bearta cur chun feidhme**

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 7(2) chun an méid a leanas a bhunú:

(a) na sonraíochtaí teicniúla chun faisnéis a chur isteach sa chóras agus a stóráil ann de réir na gcaighdeán is airde;

(b) na nósanna imeachta le haghaidh an fhaisnéis atá sa chóras a rialú agus a fhíorú;

(c) bearta lena dtugtar rochtain shrianta do thríú páirtithe amhail aerlínte, institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais, tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta.

*Airteagal 7*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh"Coiste Airteagal 6", a bunaíodh le Rialachán (CE) 1683/95, cúnamh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 8*

**Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha**

1. Aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 1998/700/CGB le héifeacht ó dháta chur chun feidhme an chórais ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, a bheidh le cinneadh le gníomh cur chun feidhme a ghlacfar i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 7.

2. Comhaontóidh na Ballstáit go ndéanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle na sonraí reatha FADO maidir le fíordhoiciméid agus doiciméid bhréagacha a bhfuil úinéireacht acu orthu a tharchur sa chóras.

*Airteagal 9*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.